CEACHT **25**

LEANBH NUA



A. Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,

m.sh. Tá tuirse air.
Tá sé ina shuí, ina luí, ina chodladh.

B. Cloisteáil, Aithint, Aithris

Bunchomhrá

Tá leanbh nua ag Mamaí. Tomás is ainm dó. Tá Tomás sa phram. Tá sé ina chodladh. Tháinig Colm isteach.

Agallamh

Colm: Cá bhfuil an leanbh nua?
Mamaí: Tá sé sa phram.
Colm: Tóg suas é.
Mamaí: Ní féidir. Tá sé ina chodladh.

C. Cleachtadh

Céard/Cad atá ag Mamaí?
Cén t-ainm atá air/Cad is ainm dó?
Cá bhfuil Tomás? An bhfuil an leanbh ina chodladh?
Cé a tháinig isteach?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,

m.sh. Tá Tomás **sa phram/sa chistin/sa teach,** etc.
Tá sé **ina chodladh/ina luí/ina shuí,** etc.

D. Leathnú

Rann

I

Tá deartháir ag Colm
Tomás is ainm dó,
Buachaill beag gleoite é,
Seoithín Seó.

II

Bíonn sé ag gáire,
Is bíonn sé ag gol,
Fanann sé sa bhaile,
Ní théann sé ar scoil.